Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 43

# Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

## Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43. Dá réir sin, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus speansais Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €368,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gciorclán 22 de 2022 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, airgeadais agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a fheidhmiú agus seirbhísí comhroinnte, lena n-áirítear seirbhísí comhroinnte airgeadais, á soláthar don Oifig seo.

I mí Aibreáin 2022, cuireadh córas Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i bhfeidhm d'ocht gcliantchomhlacht, an Vóta seo ina measc. Cuireadh Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais in áit an chórais airgeadais a bhí in úsáid sa Roinn cheana féin. D'fhág sé sin go raibh dhá chóras cuntasaíochta ar leith i bhfeidhm le linn na bliana cuntasaíochta 2022. Faoi mar a tharlaíonn i gcás gach córais airgeadais thraseagraíochtúil mórscála, bhí dúshláin ag baint leis an gcóras a chur i bhfeidhm. Le linn an cuntas seo a ullmhú, ba ghá don Roinn seiceálacha láimhe breise a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil na figiúirí atá á dtuairisciú cruinn. Leanann an Roinn le hobair i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun iarracht a dhéanamh na dúshláin sin a shárú.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 43.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca ar bun laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann
- go gcinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

***Slándáil sonraí***

Ina ról mar sholáthraí seirbhíse do roinnt comhlachtaí earnála poiblí, cuireann Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais cur chuige ilchisealach domhainchosanta chun feidhme i leith cibearshlándála agus i leith córais, bonneagair agus seirbhísí TFC a chosaint. Bhain sí deimhniú ISO 27001 amach trí 'Certification Europe', ar comhlacht deimhniúcháin a bhfuil creidiúnú idirnáisiúnta aige é. Soláthraítear leis an gcóras bainistíochta slándála faisnéise sin creat rialachais foriomlán do shlándáil faisnéise, leagtar síos leis beartais, cuspóirí, maoirseacht bainistíochta, cleachtais agus rialachas i réimse na slándála, agus cinntítear leis go gcuirtear feabhas leanúnach ar bhainistíocht slándála faisnéise. Baintear straitéis slándála domhainchosanta na hOifige amach trí dhaoine, próisis agus teicneolaíocht a úsáid chun tacú le seirbhísí slándála TFC a chur chun feidhme.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, athbhreithním an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Chuir an Oifig mionsonraí ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le ceithre chonradh atá neamhiomaíoch ach comhlíontach. Ceadaítear le hAirteagal 31(1)(b) de Threoir 2004/18/CE conarthaí poiblí a dhámhachtain trí nósanna imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré ar mhaithe le cearta eisiacha a chosaint agus i gcás nach bhfuil ann ach roghanna teoranta maidir le soláthar.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, rud lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá le rioscaí a mhaolú agus sanntar leis freagracht as oibriú rialuithe do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2022 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

21 Márta 2023

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo Níl baint ná páirt agam le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe *eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Méan Fomháir 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastachá in** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Seirbhísí TFC an Rialtais | 43,467 | 43,154 | 22,664 |
| **Ollchaiteachas** | | **43,467** | **43,154** | **22,664** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **165** | **220** | **181** |
| **Glanchaiteachas** | | **43,302** | **42,934** | **22,483** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **368,007** | **316,307** |

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

21 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 36,170 | 15,576 |
| Pá | | 5,629 | 5,068 |
| Neamhphá | | 1,355 | 2,020 |
| **Ollchaiteachas** | | **43,154** | **22,664** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **220** | **181** |
| **Glanchaiteachas** | | **42,934** | **22,483** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (19,097) | | |
| Dímheas | 2,619 | (16,478) | 1,514 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | (53) | 743 |
| **Caiteachas díreach** | | **26,403** | **24,740** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | (6,204) | (5,132) |
| **Glanchostas an chláir** | | **20,199** | **19,608** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 43 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Oifig an Aire Airgeadas | 41 | 100 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,558 | 300 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 32 | — |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,092 | 1,262 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 135 | 7 |
| | | 2,858 | 1,669 |
| Costas seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do vótaí eile | | (9,062) | (6,801) |
| | | **(6,204)** | **(5,132)** |

Nóta Chomh maith le luach na seirbhísí a soláthraíodh gan mhuirear do vótaí eile atá léirithe anseo (€9.062 milliún), cuireadh seirbhísí a chosain thart ar €740,400 ar fáil gan mhuirear freisin do chomhlachtaí poiblí neamhvótáilte eile.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 21,657 | 5,179 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 552 | 457 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.2 | 3,461 | 3,132 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 259 | 347 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **4,272** | **3,936** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 589 | 313 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 772 | 608 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.5 | 39 | 196 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,400** | **1,117** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,872 | 2,819 |
| **Glansócmhainní** | | **24,529** | **7,998** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.6 | **24,529** | **7,998** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt [b] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 19,173 | 17 | — | 19,190 |
| Breiseanna | 4,403 | — | 14,694 | 19,097 |
| Coigeartú [a] | (2,710) | — | — | (2,710) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 20,866 | 17 | 14,694 | 35,577 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 13,999 | 12 | — | 14,011 |
| Coigeartú | (2,710) | — | — | (2,710) |
| Dímheas don bhliain | 2,616 | 3 | — | 2,619 |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 13,905 | 15 | — | 13,920 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **6,961** | **2** | **14,694** | **21,657** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 5,174 | 5 | — | 5,179 |

Nóta [a] Le linn na bliana, rinne an Oifig athbhreithniú ar an gclár sócmhainní caipitil agus chinn sí nach raibh sócmhainní lenar ghabh luach seilbhe nialais a ceannaíodh idir 2004 agus 2015 in úsáid níos mó agus diúscraíodh iad.

[b] Rinneadh íocaíochtaí €14.7 milliún i dtaca le Cead Dochloíte Úsáide (IRU) do bhandaleithead ó sholáthraithe teileachumarsáide mar chuid de Thionscadal an Ardáin Náisiúnta Íseal-Aga arna mhaoiniú ag Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais Eorpaigh, dá dtagraítear i Nóta 6.2.

## 2.2 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí TF | 1,114 | 1,100 |
| Ceadúnais | 1,938 | 1,484 |
| Cothabháil bogearraí | 46 | 81 |
| Seirbhísí teileachumarsáide | 363 | 430 |
| Barántas | — | 37 |
| | **3,461** | **3,132** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Líonraí Rialtais | 221 | 343 |
| Cuntais fionraí dochair eile | 5 | 4 |
| Forchúiteamh costas daoine ar iasacht | 33 | — |
| | **259** | **347** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 103 | 92 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 37 | 46 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 241 | 144 |
| Cáin bhreisluacha | 361 | 285 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 16 | 14 |
| | 758 | 581 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 14 | 13 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | — | 14 |
| | **772** | **608** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 368 | 316 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (329) | (120) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **39** | **196** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 552 | 457 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 259 | 347 |
| | 811 | 804 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (758) | (581) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (14) | (27) |
| | (772) | (608) |
| | **39** | **196** |

## 2.6 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 7,998 | 11,150 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 43,302 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (368) | | |
| Glanvóta | | | 42,934 | 22,483 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | (6,204) | (5,132) |
| Míreanna neamhairgid – coigeartú sócmhainní caipitil | 2.1 | | — | (895) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (20,199) | (19,608) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **24,529** | **7,998** |

## 2.7 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 1,917 | 1,937 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **1,917** | **1,937** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos curtha ar áireamh i gClár A chun costálacha iomlána an chláir a léiriú.

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 6,333 | 5,629 | 5,068 |
| ii | Taisteal agus cothú | 70 | 36 | 11 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 70 | 48 | 86 |
| iv | Seirbhísí gairmiúla, seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 750 | 892 | 800 |
| v | Speansais oibriúcháin | 67 | 72 | 68 |
| vi | Speansais sócmhainní agus trealaimh | 150 | 148 | 829 |
| vii | Speansais áitribh agus lóistín | 40 | 23 | 26 |
| viii | Speansais chumarsáide agus mhargaíochta | 300 | 136 | 200 |
| | | **7,780** | **6,984** | **7,088** |

Nóta [a] Rinneadh athruithe ar na fo-mhírchinn riaracháin chun cairt nua cuntas tras-Rialtais aonair a éascú le haghaidh na vótaí ar fad. Bogadh naoi vóta, an vóta seo ina measc, chuig an gcairt nua cuntas in 2022. Fuarthas réidh le ceithre fho-mhírcheann agus cruthaíodh cúig fho-mhírcheann nua. Rinneadh athanailís ar chaiteachas do 2021 le hailíniú leis na fo-mhírchinn nua.

### Clár A Seirbhísí TFC an Rialtais

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán − pá | 6,333 | 5,629 | 5,068 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | 1,447 | 1,355 | 2,020 |
| A.3 | Seirbhísí TFC an Rialtais | 17,187 | 17,670 | 15,576 |
| A.4 | Téarnamh agus Athléimneacht AE [a] | 18,500 | 18,500 | — |
| | | **43,467** | **43,154** | **22,664** |

Nóta [a] Is fo-mhírcheann nua é seo. Dháil an tAontas Eorpach €23 mhilliún ar an Oifig mar chuid dá Chlár Téarnaimh agus Athléimneachta chun tionscadal an Ardáin Náisiúnta Íseal-Aga (NLLP) a mhaoiniú. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal sin a chinntiú go n-uasmhéadaíonn an tseirbhís phoiblí tairbhí agus torthaí 5G agus cur lena hacmhainn chun dul i mbun nuálaíochta trí nascacht mhéadaithe a thacaíonn le húsáid teicneolaíochtaí nua.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Ilghnéitheach | 15 | 41 | 16 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 150 | 179 | 165 |
| | **Iomlán** | **165** | **220** | **181** |

### 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | 25 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | — | (25) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | — | — |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **81** | **73** |

## 5.2 Pá

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 5,056 | 4,538 |
| Liúntais eile | 68 | 64 |
| Ragobair | 66 | 58 |
| ÁSPC an fhostóra | 439 | 408 |
| **Pá iomlán** | **5,629** | **5,068** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2022** | **2021** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais | 7 | 1 | 15,527 | 12,543 |
| Ragobair | 22 | 1 | 14,825 | 15,859 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | 23,815 |

## 5.4 Foireann na hOifige de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid na hOifige a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Bandaí Pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 56 | 50 |
| 60,000 | 69,999 | 5 | 8 |
| 70,000 | 79,999 | 13 | 6 |
| 80,000 | 89,999 | 2 | 8 |
| 90,000 | 99,999 | 10 | 6 |
| 100,000 | 109,999 | 1 | 2 |
| 110,000 | 119,999 | 2 | — |
| 120,000 | 129,999 | — | 1 |
| 130,000 | 139,999 | 1 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | — |

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2022**<br>**€** | **2021**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 3 | 24,537 | 6,023 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 2 | 1,162 | 4,114 |

## 5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Is ionann an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe freisin. Tá a thuarastal nochta sa Chuntas Leithreasa do Vóta 11.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an bhunaithe | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|
| An Bord um Rialachas Sonraí [a] | 2021 | 22 | 3 |

**Nóta** [a] Bunaíodh an Bord um Rialachas Sonraí leis an Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019. Imríonn an Bord ról lárnach maidir le forálacha an Achta a chur chun feidhme.

Faoin reachtaíocht, tá ag an mBord sraith cumhachtaí agus oibleagáidí dlíthiúla atá sainithe go soiléir agus tabharfaidh sé comhairle don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

- bunchlárlanna a shainainmniú agus a oibriú (chun sonraí saoránach a stóráil)
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le caighdeáin bhainistíochta sonraí agus treoirlínte bainistíochta sonraí a thabhairt isteach
- comhlachtaí earnála poiblí do chomhlíonadh na gcaighdeán agus na dtreoirlínte thuasluaite a chur chun cinn agus tuairisc a thabhairt air
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le bailiú sonraí áirithe ag comhlachtaí earnála poiblí a thoirmeasc
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le hordú a thabhairt do chomhlachtaí earnála poiblí sonraí a chomhroinnt faoin Acht
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le sainainmniú agus oibriú bunchlárlann, agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaontuithe uile um chomhroinnt sonraí faoin Acht.

Is tríd an bhfo-mhírcheann tuarastail a íoctar luach saothair le comhaltaí incháilithe den Bhord.

### 6.2 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh atá léirithe i bhFo-mhírcheann A.4 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí a chuimsítear sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar seo a leanas a bhí na meastacháin ar chaiteachas agus na fíorthorthaí.

| Tuairisc | | 2022 Meastachán €000 | 2022 Toradh €000 | 2021 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| A.4 | Téarnamh agus Athléimneacht | 18,500 | 18,500 | — |
| | | **18,500** | **18,500** | **—** |